

The Celtic Explorer

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc faoin *Celtic Explorer* ar ball.

- A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, tabhair féin agus an duine in aice leat buile faoi thuairim faoi cad é an *Celtic Explorer*. Cen Ghaeilge a chuirfidís ar an ainm? Cá bhfuil Talamh an Éisc, dar libh?
- B. An féidir libh anois na frásaí Gaeilge ar chlé a mheaitseáil leis na frásaí Béarla ar dheis.

1. long taighde mara	a. surveying cod
2. nuair a bhainfidh siad amach	b. Marine Institute
3. le cur i gcrích	c. record
4. treisíodh an nasc	d. marine research ship
5. ag obair as lámha a chéile	e. doing a detail study
6. i mbun dianstaidéir	f. to achieve, to complete
7. ag déanamh suirbhé ar throsca	g. climate change
8. athrú aeráide	h. when they reach
9. taifead	i. working together
10. Foras na Mara	j. the connection was strengthened

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

- C. As na cainteoirí ar fad sa mhír, cé acu an duine is deacra a thuiscint agus cén fáth?

Ceist 2

Freagair na ceistanna seo le chéile anois:

1. Déan cur síos ar an *Celtic Explorer* agus ar an obair atá ar siúl aici.
2. Cen fáth a bhfuil ceangal láidir idir Talamh an Éisc agus Éire sa lá atá inniu ann agus fadó?
3. Cé chomh fada is a mhairfidh an obair ar fad?
4. Cad a bhí le rá ag Macdara Ó Cuaig faoin athrú aeráide?
5. Cé hé Loyola Hearn agus cad a bhí sé a dhéanamh i nGaillimh inniu?

Ceist 3

‘... a bhainfidh siad...’ agus ‘...a dhéanfaidh siad...’

- A. Cén aimsir atá i gceist leis na briathra thuas? Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá bhosca? Cén fáth?

Dúnfaidh mé	Ceannóidh mé
Dúnfaidh tú	Ceannóidh tú
Dúnfaidh sé/sí	Ceannóidh sé/sí

Dúnfaimid	Ceannóimid
Dúnfaidh sibh	Ceannóidh sibh
Dúnfaidh siad	Ceannóidh siad

B. Anois, ag cuimhneamh ar an riail, *caol le caol / leathan le leathan*, scríobh amach na briathra thíos i ngach pearsa.


Brisfidh mé	Imeoidh mé

C. Scríobh cúpla líne faoi na pleananna atá agat don deireadh seachtaine seo chugainn. Cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘...Cén fáth a mbeidh tú?..’

Bain úsáid as na ‘**c ceisteanna**’ sa chiorcal chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat san aimsir fháistineach, mar shampla:

Cé a bheidh leat? Cé dó a dtabharfaidh tú an leabhar?



Ceist 5 ‘...eolaithe Cheanada...’

Cad faoi na samplaí eile seo den tuiséal ginideach a bhí sa mhír?

eolaithe (Éire): _____
dugaí (an Gaillimh): _____
trasna (an tAtlantach): _____
Talamh (an tIasc): _____
Ambasadóir (Ceanada): _____
foireann (Foras na Mara): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An gcreideann tú go bhfuil an t-athrú aeráide ag déanamh dochar mór? Tabhair samplaí, más féidir.
- Cén fáth nach bhfuil an oiread iasc sna farraigí anois is a bhí fadó, dar leat?
- An mbeadh aon suim agat féin bheith i d’eolaí? Cén fáth?
#

Freagraí

Ceist 1 A

Tabhair deis do gach beirt buille faoi thuairim a thabhairt faoin ainm *Celtic Explorer*.
Celtic Explorer – An Taiscéalaí Ceilteach
Talamh an Éisc – Newfoundland, i gCeanada

Ceist 1 B

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	h	f	j	i	e	a	g	c	b

Ceist 1 C

Déan iarracht plé a chothú sa rang faoin cheist seo.

Ceist 2

1. Déanann an long taighde ar na héisc ar fad san Atlantach, an trosc agus Caplin san áireamh. Déanann na heolaithe ar bord taifead ar a bhfeiceann siad agus is féidir leo ansin comparáid a dhéanamh idir an t-eolas a bhailíonn siad ó bhliain go bliain. Is dá bharr sin is féidir leo súil a choinneáil ar aon athruithe a thagann ar an saol faoin uisce.
2. Fadó, ba é cúrsaí iascaireachta a chruthaigh an nasc idir an dá thír agus chuaigh go leor Éireannach ar imirce go dtí Talamh an Éisc. Sa lá atá inniu ann tá eolaithe ón dá thír ag comhoibriú le chéile chun taighde tábhachtach farraige a dhéanamh.
3. Timpeall ceithre seachtaine – naoi lá a mhairfidh an turas trasna an Atlantaigh agus trí seachtaine ag déanamh taighde thall i gCeanada.
4. ‘Tá a fhios agat féin...tá go leor cainte ar athrú aeráide agus athrú sa bhfarraige, tá siad ag iarraidh a fheiceáil an bhfuil an t-athrú sin le feiceáil.’
5. Is Ambasadóir Cheanada chun na hÉireann é agus bhí sé i nGaillimh inniu le casadh le foireann Fhoras na Mara agus le criú an *Celtic Explorer* sular thug siad aghaidh ar a dturas. Chuir sé ina luí orthu an tábhacht a bhaineann leis an taighde atá i mbun acu agus an tábhacht a bhaineann leis an gcomhoibriú.

Ceist 3

A. An aimsir fháistineach. Tá an briathar **dún** sa chéad réimniú agus tá an briathar **ceannaigh** sa dara réimniú.

B. Féach:

Brisfidh mé	Imeoidh mé
Brisfidh tú	Imeoidh tú
Brisfidh sé/sí	Imeoidh sé/sí
Brisfidimid	Imeoidimid
Brisfidh sibh	Imeoidh sibh
Brisfidh siad	Imeoidh siad

C. Ceartaigh an méid a scríobh gach foghlaimoir.

Ceist 4

Téigh siar ar Vifax 09 Aibreán 2013. Seo samplaí san aimsir fháistineach:

Cathain a bheidh tú ar laethanta saoire?
Cé chomh minic is a thabharfaidh tú bia dó?
Conas a dhéanfaidh tú é sin?
Cé mhéad duine a bheidh ann?
Cad a dhéanfaidh tú amárach?
Cé a bheidh leat?
Cén fhad a mhairfidh an rang?

Cén áit a mbeidh an cruinniú ar siúl?
Cad chuige a n-íosfaidh tú é?
Cén fáth a gceannóidh sí é?
Cé dó a dtabharfaidh tú an t-airgead?
Cad faoi a mbeidh sibh ag caint?
Cén tslí a ndéanfaidh sé é?

Ceist 5

eolaithe (Éire):	<i>eolaithe na hÉireann</i>
dugaí (an Gaillimh):	<i>dugaí na Gaillimhe</i>
trasna (an tAtlantach):	<i>trasna an Atlantaigh</i>
Talamh (an tIasc):	<i>Talamh an Éisc</i>
Ambasadóir (Ceanada):	<i>Ambasadóir Cheanada</i>
foireann (Foras na Mara):	<i>foireann Fhoras na Mara</i>

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Níl sé i bhfad ó d'fhág eolaithe Cheanada agus eolaithe na hÉireann dugannaⁱ na Gaillimhe le tabhairt faoi thuras farraige trasna an Atlantaigh ar an long taighde mara, an *Celtic Explorer*. Nuair a bhainfidh siad Talamh an Éisc i gCeanada amach beidh roinnt seachtainí eile de thaighde tábhachtach farraige le cur i gcrích acu.

Áine Lally

Tá ceangal láidir le blianta fada anuas idir Éireⁱⁱ agus Talamh an Éisc i gCeanada. Tá Talamh an Éisc fós ag tarraingt na nGaelⁱⁱⁱ anonn go Ceanada. Ach, ní ag dul ag iascach atá na Gaeil nua ag taisteal ann a thuilleadh. Treisíodh an nasc atá idir an dá tír nuair a fógraíodh go mbeadh triúr eolaithe as Éirinn agus seachtar eolaithe as Ceanada ag obair as lámha a chéile ar an long *An Celtic Explorer*, ar mhaithe le taighde mara. Beidh siad i mbun dianstaidéir ar a bhfuil ag snámh fúthu de réir mar a bheidh siad ag taisteal siar trasna an Atlantaigh. Agus, tabharfaidh siad faoi shuirbhéanna agus taighde le linn an turais.

Macdara Ó Cuaig

Tá an bád ag dul anonn go Ceanada, go Talamh an Éisc, ag déanamh suirbhé ar throisc agus ar iasc a dtugann siad *Caplin* air, thall ansin. Agus, tá eolaithe as Éirinn ag dul anonn ... agus Ceanada ag dul trasna an Atlantaigh in éineacht agus beidh siad ag obair ar a mbealach anonn agus ansin tabharfaidh sé naoi lá orthu a dhul trasna agus nuair a bheidh siad thall ansin, beidh siad . . . caithfidh siad trí seachtaine ag obair thall agus tiocfaidh siad abhaile ansin arís. Nuair a dhéanfaidh siad taifead ar a mbealach anonn agus a mbealach anall beidh siad in ann comparáid a dhéanamh idir an taifead a fuair siad ansin i mbliana agus an taifead a fuair siad anuraidh agus an bhliain roimhe sin go bhfeicfidh siad an bhfuil aon athrú ann. Tá a fhios agat féin...tá go leor cainte ar athrú aeráide agus athrú sa bhfarraige^{iv}, tá siad ag iarraidh a fheiceáil an bhfuil an t-athrú sin le feiceáil.

Áine Lally

Chas Ambasadóir Cheanada chun na tíre seo, Loyola Hearn, le foireann Fhoras na Mara agus le criú an *Celtic Explorer* i nGaillimh inniu sular thug siad faoina dturas go Talamh an Éisc. Mhínigh sé an tábhacht a bhaineann le taifead a dhéanamh ar stocanna^v trosc agus stocanna éisc de chineál eile mar aon leis na buntáistí atá i gceist leis an gcomhoibriú idir Foras na Mara in Éirinn agus Foras na Mara i gCeanada. Fágfaidh an *Celtic Explorer* duganna na Gaillimhe tráthnóna inniu agus tá súil go mbainfidh sí Talamh an Éisc amach faoi cheann naoi lá nó mar sin. Áine Lally, Nuacht TG4 i gCathair na Gaillimhe.

ⁱ *dugaí* atá sa chaighdeán oifigiúil

ⁱⁱ *Éirinn* a deirtear

ⁱⁱⁱ *na Gaeil* a deirtear

^{iv} *san fharraige* atá sa chaighdeán oifigiúil

^v *stoc* atá sa chaighdeán oifigiúil